Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2025
(OR. en)**

**15711/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0369 (NLE)**

**ECOFIN 1562
UEM 565
FIN 1412
*ECB*
*EIB***

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 716 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 716 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 716 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2025
COM(2025) 716 final

2025/0369 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire**

{SWD(2025) 373 final}

GA GA

2025/0369 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal-20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Ostair an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a thíolacadh an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun feidhme ón gComhairle an 9 Samhain 2023[3] agus an 8 Iúil 2025[4].

(2) An 4 Samhain 2025, rinne an Ostair iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal-21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Ostair.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal-21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ostair isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 34 bheart.

(4) Mhínigh an Ostair go bhfuil dhá bheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh mar gheall ar éileamh níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis. Baineann an méid sin le beart 1.A.3 (An bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac) agus beart 2.D.3 (Infheistíochtaí glasa i bhfiontair). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Ostair go ndéanfaí

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj
[2] 10159/21 INIT agus 10159/21 ADD 1. ST 10159/21 ADD 1.
[3] ST 14472/23 INIT; ST 14472/23 ADD 1.
[4] ST 10502/25 INIT; ST 10502/25 ADD 1.

na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Ostair go bhfuil ceithre bheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh mar gheall ar athrú ar dhálaí sa mhargadh agus ar fhadhbanna sa slabhra soláthair a bhfuil moilleanna ar a gcur chun feidhme ann dá mbarr. Baineann an méid sin le beart 1.B.3 (Busanna astaíochtaí nialasacha), beart 1.D.1 (An Dlí um Leathnú In-athnuaite), beart 3.A.3 (Institiúid Beachtleighis na hOstaire) agus beart 3.D.2 (Hidrigin IPCEI). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Ostair go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Ostair go bhfuil ceithre bheart nach féidir a bhaint amach a thuilleadh laistigh dá n-amlíne bhunaidh mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla. Baineann an méid sin le beart 1.B.5 (Iarnróid nua a thógáil), beart 1.C.2 (Ciste bithéagsúlachta), beart 1.C.4 (Iarfheistiú saoráidí sórtála atá ann cheana agus tógáil saoráidí sórtála nua) agus beart 4.D.1 (Athbhreithniú ar chaiteachas ag díriú ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Ostair go ndéanfaí na bearta sin a leasú chun síneadh a chur lena n-amlíne cur chun feidhme. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Tá mínithe ag an Ostair go bhfuil dhá bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann an méid sin le beart 2.A.2 (Infhaighteacht fhorleathan líonraí rochtana Gigighiotáin-chumasaithe agus naisc nua shiméadracha Ghigighiotáin a chruthú) agus beart 3.C.3 (Leathnú an bhunoideachais). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Ostair na bearta thuasluaite a leasú. Ós rud é go bhfuil údar le leasú na mbeart mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Tá mínithe ag an Ostair go bhfuil 22 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann an méid sin le bearta: 1.B.1 (Máistirphlean Soghluaisteachta 2030), 1.B.4 (Feithiclí fóntais astaíochtaí nialasacha), 1.C.1 (Creat dlíthiúil chun rátaí bailithe le haghaidh pacáistíocht dí agus soláthar coimeádán dí in-athúsáidte ar miondíol a mhéadú), 1.C.3 (Infheistíochtaí i gcórais díola droim ar ais, saoráidí níocháin agus athlíonúcháin agus trealamh pacáistithe), 1.C.5 (Deisiú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a chur chun cinn (bónas deisiúcháin)), 1.D.2 (Claochlú an tionscail i dtreo na haeráidneodrachta), 2.B.1 (Rochtain chóir chomhionann ag daltaí ar inniúlacht bhunúsach dhigiteach), 2.B.2 (Soláthar gaireas úsáideora deiridh do dhaltaí), 3.A.1 (Straitéis Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta 2030 (Straitéis RTI 2030)), 3.A.2 (An Ostair Chandamach — Cur Chun Cinn na nEolaíochtaí Candamacha), 3.A.4 (Bonneagair Thaighde (Taighde Digiteach)), 3.C.1 (Méadú ar an rochtain ar an oideachas), 4.A.1 (Cúram sláinte príomhúil a fheabhsú), 4.A.2 (Maoiniú tionscadal cúraim sláinte phríomhúil), 4.A.3 (An t-ardán leictreonach um an 'pas tuismitheora-linbh' a fhorbairt), 4.B.3 (Infheistíocht i lár bailte atá neamhdhíobhálach don aeráid), 4.C.3 (Athchóiriú Volkskundemuseum Wien agus Prater Ateliers), 4.C.4 (Feachtas maidir leis an Oidhreacht Chultúrtha a Dhigiteáil), 4.C.5 (Ciste infheistíochta le haghaidh gnólachtaí cultúrtha atá neamhdhíobhálach don aeráid), 5.A.2 (Hidrigin mar phríomhtheicneolaíocht maidir le haeráidneodracht), 5.B.1 (Córais fhótavoltacha) agus 5.B.2. (Feithiclí agus bonneagar tráchtála astaíochtaí nialasacha a mhaoiniú). Ar an

mbonn sin, tá iarrtha ag an Ostair go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

*Dáileadh cloch míle agus spriocanna*

(9) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Ostair i láthair a chur san áireamh.

*Measúnú an Choimisiúin*

(10) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal-19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(11) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Ostair chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal-19(3) de Rialachán (AE) 2021/241 pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (i) (j) agus (k).

*Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(12) I gcomhréir le hAirteagal-19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn-V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, 53,0 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe atá ann, agus 100 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU atá ann, costais arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn-VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal-17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

(13) Leanann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe de thacaíocht a thabhairt do dhícharbónú gheilleagar na hOstaire. Rinneadh laghdú 2.7 pointe céatadáin ar chéatadán an imchlúdaigh airgeadais a rannchuidíonn leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, mar gheall ar an laghdú ar an leithdháileadh le haghaidh ceithre bheart: 1.A.3 (Bochtaineacht fuinnimh a chomhrac), 1.B.3 (Busanna astaíochtaí nialasacha), 2.D.3 (Infheistíochtaí glasa i bhfiontair) agus 3.D.2 (Hidrigin IPCEI). Sáraíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe go mór fós an ceanglas 37 % maidir le clibeáil ghlas agus leanann sé de bheith ag rannchuidiú go mór leis an aistriú glas.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(14) I gcomhréir le hAirteagal-19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn-V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá inti 35,4 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn-VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(15) Leanann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe de thacaíocht a thabhairt don aistriú digiteach. Rinneadh laghdú 0.3 pointe céatadáin ar chéatadán an

imchlúdaigh airgeadais a rannchuidíonn leis an aistriú digiteach mar gheall ar scriosadh na comhpháirte digití de bheart 3.A.3 (Institiúid Beachtleighis na hOstaire). Agus an laghdú sin á chur san áireamh, sáraíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe go mór fós an ceanglas 20 % maidir le clibeáil dhigiteach agus leanann sé de bheith ag rannchuidiú go mór leis an aistriú digiteach.

***Costáil***

(16) I gcomhréir le hAirteagal-19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn-V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(17) Ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil, léiríonn an mheasúnú ar bhearta atá ann cheana a raibh athbhreithniú ar a meastacháin chostais i gceist lena modhnú, go bhfuil na costais athbhreithnithe réasúnta agus inchreidte. I mbeagán cásanna, de bharr na modheolaíochta agus na ríomhanna a úsáideadh chun na meastacháin ar chostais sa phlean a dhíorthú ní féidir rátáil A a thabhairt i leith an chritéir measúnaithe sin. Ar deireadh, tá méid chostais iomlána mheasta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Measúnú dearfach***

(18) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toraidh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal-20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn-V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(19) Is é EUR 4 073 468 950 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hOstaire. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil le haghaidh na hOstaire, ba cheart EUR 3 961 157 550 a thabhairt mar ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal-4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus le hAirteagal-20(4) agus Airteagal-21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hOstaire, ba cheart gurb é an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil don Ostair.

[5] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hOstaire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na hOstaire.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*